AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Circular 0030/2011

**Chuig: Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí na mBunscoileanna**

# Socruithe don Scoilbhliain 2011/2012 maidir le Poist mar Mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainne (MTF/A) agus mar Mhúinteoirí Acmhainne (MA) – Poist Lánaimseartha agus Páirtaimseartha

**1. Príomheilimintí shocruithe 2011/2012 maidir le leithdháileadh post mar MTF/A agus MA**

D'iarr an Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta (CNOS) go gcuirfí gach iarratas ar uaireanta acmhainne don scoilbhliain 2011/12 ar aghaidh chuige tráth nach déanaí ná an Aoine, an 13 Bealtaine 2011. Tá súil ag an CNOS go mbeidh ar a chumas toradh na n-iarratas sin a chur in iúl do na scoileanna ar fad an 31 Bealtaine 2011 nó roimhe sin.

An cuspóir atá leis an imlitir seo ná scoileanna a chur ar an eolas mar gheall ar na socruithe atá á gceapadh don scoilbhliain 2011/12 maidir leis na huaireanta acmhainne ceadaithe sin ionas go mbeidh poist á n-athimlonnú de réir na leithdháiltí údaraithe.

Seo a leanas príomheilimintí na socruithe sin don scoilbhliain 2011/12:

- Mar shocrú eatramhach don scoilbhliain 2011/12 "athnuafaidh" an Roinn an leithdháileadh reatha (2010/11) de phoist lánaimseartha mar MTC/A agus MA i ngach scoil. Coinníoll tábhachtach den "athnuachan" sin ar leithdháileadh na bpost lánaimseartha MTF/A agus MA ná go gcaithfidh scoil ar bith a bhfuil farasbarr acmhainne acu ina bpost/ina bpoist lánaimseartha tar éis phróiseas an CNOS a bheith tugtha chun críche, comhoibriú tríd an bhfarasbarr acmhainne sin a chur ar fáil do scoileanna eile a bhfuil gá acu leis na huaireanta sin. Caithfear é sin a dhéanamh ar an gcéad dul síos ar son scoileanna eile ina mbraisle/ina mbraislí féin agus ar son scoileanna áitiúla eile lasmuigh den bhraisle sin ina dhiaidh sin.

- Cinntear farasbarr acmhainne ar an mbonn nach mór do gach post lánaimseartha MTF/A nó MA 25 uair an chloig ceadaithe a bheith acu sa tseachtain (is é sin 50 uair an chloig i gcás dhá phost, 75 uair an chloig i gcás trí phost, srl.). Tagann sé sin roimh aon socruithe a leagadh síos in imlitreacha roimhe seo maidir le poist lánaimseartha a bhfuil méid uaireanta is lú ná 25 acu.

- San áireamh san athnuachan ar leithdháileadh na bpost lánaimseartha MTF/A agus MA beidh poist lánaimseartha a roinntear idir scoileanna mar chuid de shocruithe braisle atá ann cheana. Ní ceadmhach aon athrú a dhéanamh ar bhraislí atá ann cheana don scoilbhliain 2011/12 seachas a chinntiú go n-úsáidfear aon fharasbarr acmhainne i bpoist lánaimseartha.

- **<u>Ní bheidh</u>** poist MTF/A nó MA páirtaimseartha atá anois ann san áireamh sna socruithe athnuachana seo don scoilbhliain 2011/2012. Caithfear riachtanais le haghaidh post páirtaimseartha a chomhlíonadh ar an gcéad dul síos ó aon fharasbarr acmhainne atá ag scoileanna sa chomharsanacht agus ina dhiaidh sin ón Roinn, más gá, tríd an fhoirm MTF/MA 2011/2012 a chomhlánú.

- I gcás nach leor é na socruithe athnuachana chun fónamh do riachtanas scoile le haghaidh uaireanta teagaisc acmhainne arna gceadú ag an CNOS mar aon le haon uaireanta ón Leithdháileadh Ginearálta i bpoist

pháirtaimseartha atá ann cheana, ní mór don scoil sin féachaint le hiarmhéid a riachtanas a sholáthar ó fharasbarr acmhainne i scoileanna áitiúla eile. Ar an gcéad dul síos, ní mór do scoil teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile laistigh dá braisle/braislí féin le fáil amach an bhfuil farasbarr acmhainne ag aon cheann díobh, agus má tá, socrú nua braislithe a dhéanamh (más indéanta) leis an scoil/na scoileanna lena mbaineann a bheadh ina socruithe breise agus forlíontacha ar aon bhraisle atá ann cheana (más indéanta) leis na scoileanna lena mbaineann.

- Ina dhiaidh sin féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh chuig an Roinn ar aon uaireanta atá fós le soláthar ar Fhoirm MTF/MA 2011/2012 ag tabhairt le fios, mar chuid den phróiseas sin, cad iad na scoileanna a ndearna sí teagmháil leo agus cad é an freagra a fuarthas. Ba cheart iarratais mar iad a chur chuig an Roinn tráth nach déanaí ná **Dé hAoine an 17ú Meitheamh 2011.**

- Beidh an Roinn i dteagmháil le scoileanna san fhómhar le cinneadh, faoi mar is cuí, an tslí ar roinneadh farasbarr acmhainne sna poist "athnuaite" le scoileanna áitiúla eile. Cinnfidh an Roinn ag an tráth sin, na húsáidí eile a d'fhéadfaí a bhaint as aon fharasbarr acmhainne atá fós ar fáil, más gá sin.

- Gheofar treoir níos mine do scoileanna sna Ceisteanna Coitianta in Aguisín 1 den Imlitir seo.

**2 Cúlra**

**2.1** Is i gcomhthéacs an Chláir um Théarnamh Náisiúnta, Chlár an AE/CAI um Thacaíocht d'Éirinn agus an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010-2014 a leithdháilfear acmhainní teagaisc ar scoileanna don scoilbhliain 2011/12 agus a dhéanfar socruithe chun poist fholmha nó poist nua teagaisc a líonadh.

**2.2** Maidir leis an gClár um Théarnamh Náisiúnta agus le Clár an AE/CAI um Thacaíocht d'Éirinn ní mór don Roinn bearta breise rialaithe agus tuairiscithe a fheidhmiú i mbliana le bheith cinnte go mbeidh líon na múinteoirí a bheidh fostaithe sna scoileanna ar aon dul leis na cláir sin. Tugtar gealltanas sa Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014 maidir le slándáil post i gcás seirbhíseach poiblí, lena n-áirítear bunmhúinteoirí, ag brath ar oibriú na socruithe um ath-imlonnú. **Dá réir sin ní mór don Roinn a chinntiú i mbliana go gcuirfear na folúntais bhuana agus téarma socraithe ar fad ar fáil ar an gcéad dul síos do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil CTÉ acu atá mar bharraíocht ar riachtanais agus atá le hath-imlonnú.**

**Ciallaíonn sé sin nach féidir an t-údarás a thabhairt do scoil ar bith chun dul i mbun earcaíochta chun post lánaimseartha nó páirtaimseartha a líonadh nó go mbeidh na buanmhúinteoirí agus na múinteoirí sin a bhfuil CTÉ acu ath-imlonnaithe de réir na socruithe ath-imlonnaithe atá leagtha amach in Imlitir 19/2011, nó go bhfógrófar a mhalairt.**

Is é intinn na Roinne earcú múinteoirí téarma socraithe ar na príomhphainéil, ar phainéil fhorlíontacha nó ó fhógra poiblí a athbhunú ag an deis is luaithe is féidir. Ach ní dócha go dtarlóidh sé sin nó go mbeidh socruithe ceaptha, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe oideachais lena mbaineann, le gur féidir aon bhuanmhúinteoirí agus aon mhúinteoirí a bhfuil CTÉ acu agus nár ath-imlonnaíodh fós a ath-imlonnú.

**3.1 Líonadh Folúntas**

Seo a leanas na socruithe a bheidh i bhfeidhm sa scoilbhliain seo chugainn.
Tá fothacar ar leith de gach príomhphainéal, lena n-áirítear an painéal náisiúnta speisialta, ceaptha ar son buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CTÉ acu, le cinntiú go dtairgtear folúntais do na múinteoirí sin ar an gcéad dul síos. Ní mór tús áite a thabhairt do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil TCÉ acu i ngach cás ach amháin má tá cosc dlíthiúil ar an bhfolúntas a líonadh ar an tslí sin (m.sh. teidlíocht reachtúil ar CTÉ).

Ní mór folúntais laistigh d'achar 45km a thairg do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil TCÉ acu agus atá ar phainéil, mar seo a leanas

| ***An post atá le líonadh*** | ***An painéal óna líonfar an post ag buanmhúinteoir nó ag múinteoir a bhfuil TCÉ acu*** |
|---|---|
| Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Acmhainne (MTFA) (muna líontar é ó scoil bhunáite nó ó scoil i mbraisle) | An Príomhphainéal |
| Múinteoir Acmhainne (MA) | An Painéal Náisiúnta Speisialta* |

| | |
|---|---|
| (muna líontar é ó scoil bhunáite nó ó scoil i mbraisle) | |
| Post i scoil speisialta | An Painéal Náisiúnta Speisialta* |
| Post speisialta i mbunscoil | An Painéal Náisiúnta Speisialta* |

*Sa chás go nglantar an painéal seo nó go ndiúltaítear don phost ar fhorais fad aistir ba cheart an post a líonadh ón bpríomhphainéal.
Más riachtanas curaclaim é an Ghaeilge, ba cheart do scoileanna múinteoir a earcú ón b Príomhphainéal seachas ón Painéal Náisiúnta Speisialta.
Má líontar an folúntas trí fhógra a scaipeadh laistigh den scoil nó den bhraisle, beidh aon fholúntas i seomra ranga príomhshrutha dá bharr faoi réir théarmaí imlitir 19/2011.

### 3.2 Folúntais a Fhógairt

Ní mór do gach scoil speisialta a bhfuil folúntas acu agus bunscoil a bhfuil folúntas acu i rang speisialta* agus/nó folúntas do mhúinteoir acmhainne acu, gach folúntas buan agus téarma socraithe is eol dóibh a fhógairt don Roinn laistigh de chúig lá ó fhoilsiú na himlitreach seo.

Is féidir é sin a dhéanamh ach ríomhphost a chur chuig lsrt@education.gov.ie.

Ní mór folúntais ina dhiaidh sin a chur in iúl don seoladh ríomhphoist thuas laistigh de chúig lá oibre ón uair a gcuirtear an Cathaoirleach nó an Príomhoide ar an eolas faoin bhfolúntas.
*Ba cheart folúntais i ranganna speisialta i gcás Sainmhíchumas Foghlama agus/nó scoileanna Ospidéil a chur in iúl don phríomhoibreoir painéil.

## 4. An Painéal Náisiúnta Speisialta

Is í Rannóg Leithdháiltí TFMA na Roinne a bhainistíonn an Painéal Náisiúnta Speisialta. Ceapadh an painéal seo chun catagóirí áirithe múinteoirí a ath-imlonnú i bpoist atá mar bharraíocht ar riachtanais i scoileanna speisialta, i ranganna speisialta agus i bpoist do mhúinteoirí acmhainne i mbunscoileanna.
Mar a thuairiscítear ag 2 thuas, tugtar tús áite do bhuanmhúinteoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil CTÉ acu ar an bpainéal náisiúnta speisialta don scoilbhliain 2011/12 d'fhonn a chinntiú go dtairgtear folúntais (idir fholúntais bhuana agus fholúntais téarma socraithe) do na múinteoirí sin ar an gcéad dul síos.

Buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil TCÉ acu agus atá ar an bpainéal náisiúnta speisialta agus a iarchuireann a gcearta painéil chun folúntas téarma socraithe a líonadh sa scoil ina bhfuil siad, féadfaidh siad é sin a dhéanamh sa ghnáthshlí.

Buanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil CTÉ acu agus atá ar an bpainéal náisiúnta speisialta, agus a ath-imlonnaítear chun folúntas téarma socraithe a líonadh, tiocfaidh siad chun bheith ina bhfostaithe den scoil ghlactha (ach coimeádfaidh siad a stádas mar bhuanmhúinteoirí). Ach féadfaidh múinteoir ath-imlonnaithe a líonann folúntas téarma socraithe a iarraidh go ndéanfar é/í a ath-imlonnú sa bhliain dár gcionn i scoil atá laistigh de 45k ón scoil reatha nó ón scoil ghlactha.

Iar-bhunmhúinteoirí cáilithe atá ar an bpainéal náisiúnta speisialta i láthair na huaire, ath-imlonnófar iad de réir na socruithe ath-imlonnaithe in iarbhunscoileanna.

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an méid thuas a chur i ríomhphost chuig lsrt@education.gov.ie

Nuair a roghnaíonn múinteoirí dul ar an bpainéal náisiúnta speisialta iarrtar orthu a chur in iúl cibé an spéis leo tairiscintí a fháil mar gheall ar phoist lasmuigh den teorainn 45km, agus más amhlaidh, na contaetha ina mbeidís sásta tairiscint poist a bhreithniú. Soláthrófar an fhaisnéis sin do scoileanna ina bhfuil folúntais agus tá súil go gcinnteoidh sé sin go n-oibreoidh an painéal náisiúnta speisialta go réidh.

## 5. Comhlánú MTF/A 2011/2012

MTF/MA 2011/2012 – Scoileanna nach féidir leo teacht a fháil ar na huaireanta riachtanacha teagaisc acmhainne agus aon uaireanta ón Leithdháileadh Ginearálta i bpoist pháirtaimseartha atá ann cheana ó na socruithe “athnuachana” ná ó theagmháil ina dhiaidh sin le scoileanna áitiúla, iarrtar orthu an Fhoirm seo a chomhlánú.

Ba cheart an fhoirm a sheoladh roimh **Dé hAoine an 17ú Meitheamh 2011,** chuig:

Leithdháiltí Bunscoile – Poist MTF/A,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

**6. Athbhreithniú ar an Leithdháileadh Ginearálta**
Tá an t-athbhreithniú ar Shamhail an Leithdháilte Ghinearálta tugtha chun críche anois. Breithneoidh an Roinn torthaí agus moltaí an athbhreithnithe i gcomhthéacs Chreat Rialaithe Fostaíochta an Rialtais agus i gcomhthéacs na n-éileamh iomaíoch ar líonta múinteoirí.

Ar na socruithe a luaitear san imlitir seo a bheith tugtha chun críche, breithneoidh an roinn cibé an féidir coigeartú a dhéanamh ar leithdháileadh na scoile don scoilbhliain 2011/12 faoi Shamhail an Leithdháilte Ghinearálta i gcás inar faomhadh scoil le haghaidh Stádas Scoile atá i mBéal Forbartha.

Tá leagan Gaeilge den imlitir seo ar fáil chomh maith ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Iarrtar ort a thabhairt ar aird gur féidir ceisteanna mar gheall ar an Imlitir seo a sheoladh le ríomhphost chuig: lsrt@education.gov.ie

Hubert Loftus,
Príomhoifigeach.
Leithdháiltí Bunscoile – Poist MTF/A

Jim Mulkerrins
Príomhoifigeach
An Rannóg Oideachais Speisialta

Bealtaine, 2011

**Aguisín 1**

## Ceisteanna Coitianta

**C.1. Cad iad na socruithe maidir le leithdháileadh poist MTF/A agus MA don bhliain 2011/2012**

**F**. Gach post lánaimseartha MTF/A agus MA a bhí i bhfeidhm ag deireadh na scoilbhliana 2010/2011, athnuafar é don scoilbhliain 2011/2012.

Coinníoll tábhachtach den "athnuachan" sin ar leithdháileadh na bpost lánaimseartha MTF/A agus MA ná go gcaithfidh scoil ar bith a bhfuil farasbarr acmhainne acu ina bpost/ina bpoist lánaimseartha tar éis phróiseas an CNOS a bheith tugtha chun críche, comhoibriú tríd an bhfarasbarr acmhainne sin a chur ar fáil do scoileanna eile a bhfuil gá acu leis na huaireanta sin. Caithfear é sin a dhéanamh ar an gcéad dul síos ar son scoileanna eile ina mbraisle/ina mbraislí féin agus ar son scoileanna áitiúla eile lasmuigh den bhraisle sin ina dhiaidh sin.
Nuair a chuirfear an líon uaireanta i do phoist lánaimseartha MTF/A agus MA, tar éis na socruithe nuashonraithe, i gcomparáid le leithdháileadh ceadaithe an CNOS, beidh barrachas uaireanta agat, beidh uaireanta breise de dhíth ort nó beidh an líon ceart uaireanta agat.

**C.2. Cad is brí le farasbarr acmhainne?**

**F.** Más mó ná leithdháileadh faofa an CNOS don scoilbhliain 2011/2012 an líon uaireanta i do phoist lánaimseartha MTF/A agus MA, tar éis na socruithe nuashonraithe a bheith curtha i bhfeidhm, féachfar ar an bhfuílleach mar fharasbarr acmhainne.

Cinntear farasbarr acmhainne ar an mbonn nach mór do gach post lánaimseartha MTF/A nó MA 25 uaireanta ceadaithe sa tseachtain a bheith aige. (.i.50 uair sa tseachtain i gcás 2 phost, 75 uair sa tseachtain i gcás 3 phost srl.)

**C.3. Cad a tharlóidh má tá farasbarr acmhainne ag mo scoilse?**

**F.** Más cuid de bhraisle tú i láthair na huaire, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile sa bhraisle sin ar an gcéad dul síos. Muna bhfuil na huaireanta breise de dhíth ar scoileanna sa bhraisle sin, ní mór iad a chur ar fáil d'aon scoil(eanna) a dhéanfaidh teagmháil leat ag iarraidh braisle nua a cheapadh don scoilbhliain 2011/12.

**C.4. Conas is eol dom cé na scoileanna ar cheart dom uaireanta breise a lorg uathu?**

**F.** Más cuid de bhraisle tú i láthair na huaire, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile sa bhraisle sin ar an gcéad dul síos. Má tá farasbarr acmhainne ó scoileanna eile de dhíth ort fós, ní mór duit teagmháil a dhéanamh ansin le cúig scoil eile i do chomharsanacht agus beidh orthu siúd a gcuid farasbarr acmhainne a chur ar fáil do shocrú nua braislithe. Moltar duit teagmháil a dhéanamh leis an oiread scoileanna is féidir féachaint an bhféadfaí braisle a cheapadh, a mhéid is indéanta ó thaobh na tíreolaíochta de.

**C.5 Athnuadh post amháin i mo scoilse don scoilbhliain 2010/11 ag 22 uair an chloig – cad a tharlóidh anois?**

**F.** Féachfar ar an bpost mar leithdháileadh de 25 uair an chloig aige do do scoilse agus beidh ar an múinteoir 25 uair an chloig a mhúineadh i do scoilse, nó más barrachas ar riachtanais iad cuid de na huaireanta sin, i scoil eile i mbraisle nuacheaptha.

**C.6. Tá mo scoil mar chuid de bhraisle atá ann cheana. An féidir léi an bhraisle sin a fhágáil?**

**F.** Ní ceadmhach aon athrú a dhéanamh ar bhraislí atá ann cheana don scoilbhliain 2011/12 seachas a chinntiú go n-úsáidfear aon fharasbarr acmhainne i bpoist lánaimseartha.

**C.7. Mhéadaigh leithdháileadh mo scoilse i mbliana agus nil dóthain uaireanta sna poist athnuaite chun an leithdháileadh sin a sholáthar. Cad ba cheart dom a dhéanamh?**

**F.** Más cuid de bhraisle tú i láthair na huaire, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile sa bhraisle sin ar an gcéad dul síos. Má tá farasbarr acmhainne de dhíth ort fós, ní mór duit teagmháil a dhéanamh ansin le cúig scoil eile i do chomharsanacht agus beidh orthu siúd a gcuid uaireanta breise a chur ar fáil do shocrú nua braislithe. Más gá, is féidir leat Foirm MTF/MA 2011/2012 chomhlánaithe a sheoladh go dtí an Roinn (Rannóg Leithdháiltí Bunscoile).

**C.8. An gcuirfear am taistil san áireamh i gcás múinteora a bheidh ag taisteal anois idir scoileanna i mbraisle?**

**F.** Ní thugtar leithdháileadh breise i gcás am taistil. Ceadaítear poist ar bhonn 25 uair an chloig d'am teagaisc.

**C.9. An eiseoidh an Roinn litreacha ceadaithe ar leith i gcás na bpost lánaimseartha MTF/A agus MA a athnuafar?**

**F.** Ní eiseoidh. Poist iad seo a ceadaíodh cheana agus leagtar amach san imlitir seo an tslí a leanfaidh siad ar aghaidh ó scoilbhliain 2010/11 isteach i scoilbhliain 2011/12.

**C.10. Cé ar cheart dóibh an Foirm MTF/MA 2011/2012 a chomhlánú?**

**A.** Scoileanna nach féidir leo teacht a fháil ar na huaireanta teagaisc acmhainne atá de dhíth orthu ó bhraisle atá ann cheana nó ó bhraisle nua, ní mór dóibh an fhoirm sin a chomhlánú (is é sin, i gcás nach leor an socrú "athnuachana" agus aon teagmháil ina dhiaidh sin le scoileanna áitiúla chun uaireanta teagaisc acmhainne a cheadaigh an CNOS agus uaireanta ón Leithdháileadh Ginearálta atá ceadaithe i bpoist pháirtaimseartha atá ann cheana a sholáthar.

Ba cheart an fhoirm iarratais a sheoladh go dtí an Roinn **Dé hAoine an 17 Meitheamh 2011** ar a dhéanaí.

Cuirfear scéala chuig na scoileanna a luaithe is féidir tar éis an 17ú Meitheamh 2011.